Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Meitheamh 2024**
**(OR. en)**

**10654/24**

**COH 37**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | An nasc idir an beartas comhtháthaithe agus an clár oibre straitéiseach nua do 2024-2029<br>– *Seisiún tuairimíochta* |

Ag an gcruinniú a bheidh ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta an 18 Meitheamh agus a bheidh dírithe ar an mbeartas comhtháthaithe, ar bhonn an pháipéir ón Uachtaránacht a leagtar amach san iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo, iarrtar ar na hairí atá i gceannas ar an mBeartas Comhtháthaithe an nasc idir an beartas comhtháthaithe agus an clár oibre straitéiseach nua do 2024 - 2029 a phlé.

**IARSCRÍBHINN**

**Páipéar cúlra**

**don Chomhairle Gnóthaí Ginearálta atá tiomnaithe don Bheartas Comhtháthaithe**

**'An nasc idir an beartas comhtháthaithe agus an clár oibre straitéiseach nua do 2024-2029'**

Go gairid sula saineofar tosaíochtaí straitéiseacha an chéad reachtais Eorpaigh eile, iarrann Uachtaránacht na Beilge ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh ar na Ballstáit plé a dhéanamh ar an nasc idir clár oibre straitéiseach nua 2024-2029 agus an beartas comhtháthaithe tar éis 2027.

Fágann an beartas comhtháthaithe gur féidir **tacú le hinfheistíochtaí poiblí agus infheistíochtaí príobháideacha a shlógadh.** Díríonn sé freisin ar **phríomhthosca táirgiúlachta a fhorbairt** – nuálaíocht, scileanna, bonneagar – agus ar an gcaoi sin cuidíonn sé le scód a ligean le hacmhainneacht fáis agus **iomaíochas Réigiúin na hEorpa** a neartú. Tá ról tábhachtach ag an mbeartas comhtháthaithe freisin maidir le caipiteal daonna a fhorbairt, ó thaobh rochtain ar **fhostaíocht agus sealbhú scileanna** le haghaidh mhargadh an tsaothair amach anseo. Is veicteoir **cuimsithe shóisialta** é freisin, rud a chuireann leis an gcomhtháthú idir saoránaigh agus réigiúin na hEorpa. Thairis sin, dhírigh an beartas comhtháthaithe le blianta beaga anuas ar na dúshláin a bhaineann leis **an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach**, chomh maith le **claochlú tionsclaíoch an Aontais,** rud a rannchuidíonn le huathriail straitéiseach oscailte an Aontais a neartú.

I ndáil leis an méid sin, meabhraíodh i dtuarascáil Letta an ról tábhachtach atá ag an mbeartas comhtháthaithe maidir le cuspóirí straitéiseacha an Aontais amach anseo agus an dlúthnasc atá aige leis an **margadh aonair.** Le 30 bliain anuas, tá an margadh aonair agus an beartas comhtháthaithe ina bhfórsa mór don fhás inbhuanaithe san Aontas agus chun éagothromaíochtaí idir na Ballstáit a laghdú. Leagtar béim freisin sa 9ú Tuarascáil faoin gComhtháthú ar an **gcóineasú suntasach eacnamaíoch agus sóisialta a bhí ann in go leor réigiún san Aontas** le breis agus scór bliain anuas.

Chuidigh an beartas comhtháthaithe freisin leis **an margadh aonair a neartú agus é a dhéanamh níos cothroime trína áirithiú go mbíonn gach réigiún rannpháirteach ann agus go mbaineann siad uile tairbhe as. Leanfaidh an beartas comhtháthaithe de ról a bheith aige amach anseo,** go háirithe i bhfianaise an mhéadaithe a d'fhéadfadh teacht ar an Aontas, an chomhthéacs gheopholaitiúil, agus scála agus chastacht na ndúshlán atá le réiteach.

Chun fás inbhuanaithe cuimsitheach a áirithiú ar fud na hEorpa, ceann de na príomhdhúshláin atá roimh an Aontas sna blianta amach romhainn is ea a chumas **a chlár oibre agus a chuspóirí straitéiseacha amach anseo a chur chun feidhme agus a áirithiú ag an am céanna go mbeidh gach réigiún rannpháirteach sna haistrithe ar mhaithe lena gcríocha agus lena ndaonraí.**

Chun an plé ag an gcruinniú aireachta a threorú, iarrann Uachtaránacht na Beilge ar na hairí a bhfís a roinnt maidir leis an dá cheist thíos.

Déileálfar leis na ceisteanna sin in aon seisiún comhchéime amháin. Níor chóir go mbeadh aon ionchur níos mó ná **3 nóiméad.**

Bhí ról tábhachtach ag an mbeartas comhtháthaithe, mar phríomhbheartas infheistíochta an Aontais, i bhforbairt, iomaíochas agus cóineasú an Aontais.

- *Conas is féidir linn a áirithiú go leanfaidh Beartas Comhtháthaithe oiriúnaithe de ról tábhachtach a bheith aige maidir le cuspóirí straitéiseacha an Aontais a bhaint amach?*
- *Conas is féidir linn a áirithiú go mbeidh gach réigiún, agus a sainiúlachtaí agus a ndifríochtaí á gcur san áireamh, rannpháirteach sa fhreagairt Eorpach ar na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo agus i gcur chun feidhme thosaíochtaí an chláir oibre straitéisigh amach anseo?*